10 Iúil 2020

San eagrán seo:

- Bímis Réidh!
  - Athoscailt na Naíonraí
- FÍSEÁN: Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil
- Ceardlann i nGaeilge do Mhúinteoirí Naíonra
- Feachtas Bolscaireachta an RLGÓ
- Leabhair Rolla & Timpiste

Bímís Réidh!

Bímis Réidh: Leagan Gaeilge de "Let's Get Ready"

Ta gach rud mar gheall ar athraithe sna naíonraí i dtaobh COVID19 agus athoscailt na seirbhísí luathbhlianta ar fáil anois ó shuíomh na Roinne trí mheán na Gaeilge faoin leathanach "Bímis Réidh!"

D'athraigh saolta leanaí óga go tobann nuair a dúnadh seirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige agus scoileanna i mí an Mhárta mar fhreagairt ar éigeandáil COVID-19.

De réir mar a ullmhaíonn leanaí le filleadh ar sheirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige nó an t-aistriú a dhéanamh chuig an réamhscoil agus an scoil den chéad uair, ba chóir do thuismitheoirí a bheith cinnte go bhfuil roinnt gníomhartha ar féidir leo a dhéanamh sa bhaile chun tacú leis na haistrithe tábhachtacha seo.

Níos mó eolas anseo gov.ie/ullmhaímis agus san fhíseán thuas.

Réidh le hAthoscailt

Réidh le haghaidh Réamhscoile

Réidh don Scoil

Réidh le Súgradh

Réidh do Chách

Réidh le hAcmhainní

Treoir Maidir leis an Athoscailt

Tá an treoir seo bunaithe ar an gcomhairle sláinte poiblí is déanaí atá ar fáil ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (Health Protection Surveillance Centre, HPSC) sa HSE. Tá sé ceadaithe ag an Sainghrúpa Comhairleach a bhaineann leis an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (National Public Health Emergency Team, NPHET).

Léigh níos mó:

Treoir Maidir leis an Athoscailt

Féach siar ar sheimineár "Ar Aghaidh Linn" 01.07.2020

Seimineár: Ar Aghaidh Linn Chuig an mBunscoil

sibh tairbhe agus taitneamh as. Tá na **sleamhnáin a bhí in úsáid le fáil ar an suíomh** agus tá físeán den **taifead ar fáil ar YouTube anois**.

Ár leithscéal d'éinne a chaill amach ar an seimineár aréir. Téann roinnt dár ríomhphoist isteach sa mbosca turscair nó margaíochta, faraor.

Guíonn muid gach rath ar na páistí, tá súil againn go mbeidh siad sona sásta ar scoil. Má tá ceist ar bith agaibh maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge nó Gaeltachta, is féidir teagmháil a dhéanamh linn am ar bith.

Breathnaigh siar ar an seimineár anseo

Sleamhnáin: Ag Aistriú ón Naíonra chuig an mBunscoil

Ceardlann i nGaeilge do Mhúinteoirí Naíonra

An bhfuil suim agat tacú le tuismitheoirí i do naíonra agus caidrimh níos mó a bhunú leo?

Tá clár forbartha ag Tionscnamh Forbartha don Óige (CDI) darb ainm PEAR (Parental Engagement and Relationships) Tá sé mar aidhm ag an gclár tacú le baill foirne agus bhainistíochta cur leis na caidrimh le tuismitheoirí

Mar gheall ar COVID 19, tá imní ar go leor tuismitheoirí maidir leis an aistriú ón mbaile ar ais chuig an naíonra nó an t-aistriú chuig an mbunscoil.

Ba mhaith le Gaeloideachas cuireadh a thabhairt do bhaill foirne naíonra freastal ar cheardlann oiliúna darb ainm “Ag Tacú le hAistriú” (‘Supporting Transitions’) bunaithe ar an gclár PEAR. **Beidh an ceardlann i nGaeilge amháin.**

Díreofar ar na nithe seo a leanas le linn na ceardlainne a mhairfidh dhá uair a chloig:

- Sainiú a dhéanamh ar aistrithe & cíoradh a dhéanamh ar na príomhchéimeanna aistrithe a bhíonn i saol páiste
- Tacú le teaghlaigh aistriú a bhainistiú
- Ullmhacht don scoil
- Ról an pháiste sa phróiseas aistrithe

28 Iúil 2020, 12.00-14.00

Éascaitheoir: Aisling Breathnach, Naíonra Chaitlín Maude agus CDI

Tabhair faoi deara go bhfuil spásanna teoranta don cheardlann seo ar líne. Níl ach 18 spás ann, agus ní feidir níos mó ná beirt a chlárú ó aon seirbhís amháin. Níl aon táille i gceist leis.

Cláraigh anseo

Meáin Shóisialta na Roinne & Roinnt Eolais

Tá an Roinn i mbun feachtasaíochta leanúnach i nGaeilge mar gheall ar athoscailt na naíonraí agus mar gheall ar an oideachas lán-Ghaeilge - bígí á leannúint leis an eolas is déanaí a fháil!

Facebook na Roinne

Twitter na Roinne

Leabhair Rolla & Timpiste: Foirmeacha Staitisticí

Seo daoibh meabhrú tapaigh le hiarraidh oraibh na rudaí thíos a sheiceáil. Mura bhfuil na rudaí seo curtha i gcrích agaibh, tá seans ann nach bhfaighidh sibh bhur leabhair rolla in am, mar sin, bígí cinnte an méid thíos a léamh go cúramach:

1. An fhoirm staitisticí a chomhlíonadh, mura bhfuil sé seo déanta agaibh cheana
2. Seoladh malartach (m.sh. seoladh baile an stiúrthóra, srl.) a chur ar fáil dúinn ionas go bhfaighidh sibh na leabhair in am do thús na bliana naíonra i mí Mheán Fómhair. Ní úsáidfear na seoltaí seo ach sa chás

Beidh Gaeloideachas ag socrú an t-ábhar a sheoladh chuig an naíonraí chomh luath agus a bheidh cead againn filleadh ar an oifig.

Táimid buíoch as bhur gcuid foighne le linn an ama seo.

Foirm Staitisticí

Seoladh Malartach

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo